



An Roinn Oideachais
agus Scileanna

Grafaic na Sraithe Sóisearaí Sonraíocht

An Clár Ábhar

Leathanach 3

Intreoir don tsraith shóisearach

Leathanach 4

Réasúnaíocht

Leathanach 5

Aidhm

Leathanach 6

Naisc Forléargais

Leathanach 9

Forbhreathnú: Cúrsa

Leathanach 13

Ionchais maidir le scoláirí

Leathanach 17

Measúnú agus tuairisciú

Leathanach 21

Aguisín 1:

Gluais de théarmaí Grafaice

Leathanach 22

Aguisín 2:

Gluais de bhriathra gnímh

Intreoir don tsraith shóisearach


In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croilár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshlán an tsaoil lasmuigh den scoil.

Brollach

Tá réimse ábhair theicneolaíochta i gcuraclam na sraithe sóisearaí: Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Adhmaid agus Grafaic. Cuireann gach ábhar eispéiris dhifriúla ar fáil don scoláire a chuireann leis an oideachas a fhaigheann sé i réimse na teicneolaíochta.

FÍOR 1: NA HÁBHAIR THEICNEOLAÍOCHTA



Réasúnaíocht

Cuireann gach ábhar teicneolaíochta eispéiris dhifriúla ar fáil don scoláire a chuireann leis an oideachas a fhaigheann sé i réimse na teicneolaíochta. Mar thoradh air sin, ní bhaineann scoláire a ullmhú don fhoghlaim sna hábhair theicneolaíochta le teagasc i dtreo na teicneolaíochta amháin ach i dtreo na scileanna atá bunúsach do na hábhair theicneolaíochta agus is féidir a aistriú chuig réimsí eile foghlama. Scileanna lena spreagtar an scoláire chun fadhbanna a réiteach tríd an gcruthaitheacht, an nuálaíocht, an chumarsáid, an comhoibriú agus an fiosrú, scileanna a fhorbraítear i dtimpeallacht ghníomhach foghlama mar a bhfuil an scoláire in ann smaointe a fhorbairt go dtugtar chun críche iad.

Aithnítear an ghrafaic mar theanga bhunúsach na ndisciplíní teicneolaíochta agus is féidir í a úsáid thar réimse leathan ábhar, ar nós matamaitice, eolaíochta agus ealaíne. Úsáidfidh an scoláire meáin éagsúla chun a smaointe agus a dhearaí a chur in iúl sa teanga ar leith seo. Ó thús deireadh an chúrsa, fiosróidh an scoláire an domhan geoiméadrach chun léirthuisicint a fháil do thábhacht na grafaice sa domhan mórthimpeall air. Forbróidh sé scileanna cognaíocha agus praiticiúla ar nós cumarsáid ghrafach, amharcléiriú spásúil, réiteach fadhbanna cruthaitheach, inniúlachtaí dearaidh agus samháltú, go fisiciúil agus trí dhearadh ríomhchuidithe a úsáid.

Forbróidh an scoláire a chruthaitheacht agus é ag fiosrú agus ag réiteach dúshlán dearaidh. I rith an phróisis réitigh fadhbanna, oibreoidh sé lena chomhscoláirí chun a smaointe a bheachtú ó choincheap teibí go dearadh deiridh, mionsonraithe, dréachtaithe. Tá teibí agus réasúnú spásúil rithábhachtach don phróiseas seo; cuireann grafaic go leor deiseanna ilghnéitheacha ar fáil don scoláire chun na scileanna ardleibhéal cognaíocha agus cruthaitheacha sin a fhorbairt i gcomhthéacsanna spésiúla.

Tá líníochtaí teicniúla cruinne riachtanach chun comhpháirteanna agus déantáin a dhearadh agus a dhéanamh. Caithfear faisnéis a chur in iúl go beacht nuair atá cáipéis fheidhmeach á hullmhú, agus sin é an t-idirdhealú idir líníocht theicniúil agus líníocht léiritheach na n-amharc-ealaíon. Teastaíonn pointeáilteacht mhór chun líníochtaí cruinne a tharraingt agus meon foighneach agus athléimneach. Déanfaidh an scoláire athbhreithniú agus machnamh ar a líníochtaí oibre go leanúnach, ag forbairt straitéisí feabhsaithe de réir mar a théann sé ar aghaidh.

Aidhm

Tá sé mar aidhm ag staidéar ar Ghrafaic na sraithe sóisearaí:

- cruthaitheacht, inniúlacht spásúil agus cumas réasúnaíochta agus cumarsáide smaointe an scoláire a fhorbairt, trí thabhairt faoi ghníomhaíochtaí réitigh fadhbanna geoiméadracha teibí agus feidhmeacha
- forbairt na scileanna cognaíocha agus deaslámhachta praiticiúla a bhaineann le cumarsáid ghrafach a spreagadh
- léirthuisicint do ról na grafaice sa domhan mórthimpeall air a chothú
- a chur ar chumas an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoin modh is fearr chun a chuid smaointe agus réiteach a léiriú
- táirgeadh líníochtaí a chuireann scileanna cumarsáide chun cinn trí ghrafaic a spreagadh
- scileanna cognaíocha agus praiticiúla an scoláire a bhaineann le samhaltú agus cumarsáid ghrafaic a fhorbairt.

Naisc Forléargais

Tacaíonn Grafaic le raon leathan cuspóirí foghlama sa tsraith shóisearach. Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil Grafaic na Sraithe Sóisearaí nasctha le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

TÁBLA 1: NAISC IDIR GRAFAIC NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA RÁITIS FOGHLAMA

Ráitis Foghlama

An ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ábhartha
RF 15 Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama	Beidh an scoláire in ann tacú lena réitigh ar fhadhbanna geoiméadracha trí thagairt do choincheapa agus prionsabail chuí gheoiméadracha.
RF 19 Tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus ar an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo	Déanfaidh an scoláire an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar a shaol féin, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol a mheasúnú.
RF 20 Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha	Cinnfidh an scoláire céard iad na teicneolaíochtaí is feiliúnaí atá ar fáil dó agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad chun na critéir a bhaineann le fadhb dearaidh a shásamh.
RF 21 Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla	Forbróidh an scoláire léirithe 3T de réitigh ar fhadhbanna trí shamhaltú leis na meáin chuí.
RF 23 Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú	Fiosróidh an scoláire as féin smaointe chun fadhb a réiteach agus forbróidh sé a réitigh trí úsáid a bhaint as na scileanna samhaltaithe cuí a d'fhorbair sé.
RF 24 Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun oibriú agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticúil	Roghnoídh an scoláire uirlisí cuí ó na meáin dhigiteacha chun taighde a dhéanamh ar smaointe dearaidh agus chun iad a fhiosrú agus a léiriú.

Príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Léiríonn Fíor 2 thíos príomhscileanna na sraithe sóisearaí. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

FÍOR 2: PRÍOMHSCILEANNA NA SRAITHE SÓISEARAÍ



TÁBLA 2 NAISC IDIR GRAFAIC NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA PRÍOMHSCILEANNA


An príomhscil	Gné na príomhscile	Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama an scoláire
A bheith cruthaitheach	Roghanna a fhiosrú	Fiosróidh an scoláire réitigh dearaidh mhalartacha ar fhadhb/ar threoir.
A bheith liteartha	Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas	Roghnaíodh an scoláire na modhanna grafacha is cuí chun a smaointe/réitigh a chur in iúl.
A bheith uimheartha	Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil	Bainfidh an scoláire úsáid as nodaireacht chuí mhatamaiticiúil agus toisí á gcur in iúl aige.
Cumarsáid	Teanga a úsáid	Úsáidfidh an scoláire an teanga chuí theicniúil agus cur síos á dhéanamh ar phróiseas.
Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú	Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil	Rachaidh an scoláire i mbun na smaointeoireachta nuálaí chun réiteach a dhearadh agus déanfaidh sé critic ar an réiteach bunaithe ar na riachtanais a bhaineann leis an bhfadhb.
Mé féin a bhainistiú	Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach	Leagfaidh an scoláire plean oibre amach agus cuirfidh sé i bhfeidhm é nuair atá taighde ar bun ar réitigh dearaidh.
Fanacht folláin	A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid	Oibreoidh an scoláire go heiticiúil agus go sábháilte ar líne agus glacfaidh sé freagracht air féin i ndáil le slándáil agus príobháideachas an scoláire féin agus daoine eile a chinntiú nuair atá taighde ar bun ar smaointe.
Obair le daoine eile	Ag comhoibriú	Beidh an scoláire ag comhoibriú ar thaighde agus forbróidh sé réitigh ar fhadhb ar leith le daoine eile.

Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn an tsonraíocht do Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí ar thuiscint an scoláire ar fheidhmeanna agus ar thionchar na dteicneolaíochtaí sa domhan mórthimpeall air a fhorbairt agus ar scileanna an scoláire i ndáil leis na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt. Bainfear iad sin amach trí thrí shnáithe chomhthéacsúla idirnasctha: **Grafaic 2T**, **Grafaic 3T** agus **Grafaic fheidhmeach**.

Baineann Grafaic úsáid as cur chuige trasdisciplíneach a chuireann nascadh na dtrí snáithe chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair. Dearadh í d'íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Tá sé d'aidhm ag an tsonraíocht seo cothromaíocht a bhaint amach idir an fhairsinge féidearthachtaí a chuireann staidéar ar an ábhar i láthair a fhiosrú agus deiseanna a chur ar fáil d'eispéiris dhoimhne de réimsí áirithe de réir mar is cuí. Chuige sin, sa tsonraíocht seo, bíonn méid áirithe solúbthachta agus saoirse ag an múinteoir an fhoghlaim a éascú ar bhealach a léiríonn roghanna, fiosracht agus meon cruthaitheach an scoláire féin. Ba chóir gnóthachtáil na dtorthaí foghlama a phleanáil ar bhealach atá gníomhach agus spreagúil.



SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T

Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthuisicint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.

SNÁITHE 2: GRAFAIC 3T

Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic leis na coincheapa agus prionsabail bhunúsacha a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag earraí, córais samhaltaithe agus coinbhinsiúin ghrafacha 3T, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus úsáidfidh sé iad. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an snáithe seo chun inniúlacht an scoláire i samhlú agus léiriú amhairc a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, earraí a léiriú go cruinn i dtrí thoise agus na scileanna sin a chur i bhfeidhm i réiteach fadhbanna.

SNÁITHE 3: GRAFAIC FHEIDHMEACH

Sa snáithe seo, tarraingeoidh an scoláire ar an eolas, ar na prionsabail agus ar na teicnící a forbraíodh trí na snáitheanna Grafaic 2T agus Grafaic 3T chun réitigh agus eolas a chruthú agus a chur in iúl go grafach. Ba chóir an scoláire a spreagadh lena thimpeallacht fhisiciúil a iniúchadh agus le prionsabail na Grafaice 2T agus na Grafaice 3T a chur i bhfeidhm chun réimse fadhbanna a réiteach. Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire na modhanna is cuí a roghnú chun a réitigh ar na fadhbanna seo a chur in iúl, idir mheáin ghrafacha a roghnú agus an mheicníocht chun iad a úsáid.

Cé go leagtar amach na torthaí foghlama faoi cheannteidil snáithe, níor chóir go dtuigfí as sin go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna ina n-aonar. Barrfheabhsaítear rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire trí thaithí iomlán chomhtháite ar fud na dtrí shnáithe. Chun níos mó béime arís a chur ar shaintréith chomhtháite na foghlama, cuirtear torthaí foghlama gach snáithe i ngrúpaí ach tagairt a dhéanamh do cheithre ghné – **Réasúnú spásúil, Smaointeoireacht dearaidh, Cumarsáid** agus **Prionsabail agus tógálacha geoiméadracha**.

GNÉ 1: RÉASÚNÚ SPÁSÚIL

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le raon cruthanna, faisnéis ghrafach, earraí agus déantáin a iniúchadh chun cabhrú leis an scoláire a inniúlacht spásúil a fhorbairt. Cabhraíonn na torthaí foghlama leis an scoláire a inniúlachtaí a fhorbairt, ó shaintréithe spásúla a aithint ar an gcéad dul síos go dtí a n-ionramháil a amharcléiriú.

GNÉ 2: SMAOINTEOIREACHT DEARADH

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar Ghrafaic a úsáid chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna coitianta a fhorbairt. Forbróidh an scoláire na scileanna cruthaitheacha agus nuálacha a theastaíonn chun a réitigh dearaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tionchar ag a fhoghlaim faoi na trí shnáithe air sin.

GNÉ 3: CUMARSÁID

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le cumarsáid a dhéanamh trí na meáin chuí chun faisnéis theicniúil a chur in iúl, agus chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna a dhearadh. Ba chóir béim a chur ar inniúlachtaí an scoláire a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh trí réimse meáin ghrafacha agus cinntí a dhéanamh faoi chomh cuí agus atá meáin shonracha i gcás chéimeanna sonracha an phróisis dearaidh.

GNÉ 4: PRIONSABAIL AGUS TÓGÁLACHA GEOIMÉADRACHA

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar chruthanna agus earraí geoiméadracha a úsáid i léirithe 2T agus 3T a thógáil agus i bhfadhbanna geoiméadracha a réiteach. Cuirfidh an scoláire a eolas ó ghníomhaíochtaí ranga in oiriúint chun ról na bprionsabal agus na dtógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha thart air a fhiosrú.

Dul chun cinn ón mBunscoil go dtí an tSraith Shinsearach

CURACLAM NA BUNSCOILE

Cé nach ábhar neamhspleách é Grafaic laistigh de churaclam na bunscoile, trína cuid snáitheanna, gnéithe agus torthaí, is féidir le Grafaic na Sraithe Sóisearaí forbairt a dhéanamh ar fhoghlaim ábhartha a tharla cheana ar leibhéal na bunscoile.

Tagraíonn ábhair agus réimsí éagsúla sa churaclam bunscoile, ar nós na hEolaíochta, na Matamaitice agus na nAmharc-ealaíon, do scileanna réitigh fadhbanna, scil ar príomhscil í sa Ghrafaic. Agus é ar an mbunscoil, téann an scoláire i mbun gníomhaíochtaí éagsúla foghlama lena bhforbraítear a chuid cruthaitheachta, a oireann go maith do staidéar na Grafaice.

AN TSRAITH SHINSEARACH

Forbraíonn an staidéar ar Ghrafaic sa tsraith shóisearach teanga bhunúsach na n-ábhar teicneolaíochta agus cuireann sé leis an bhfoghlaim don scoláire ar mian leis leanúint ar aghaidh lena chuid staidéir i réimse na n-ábhar teicneolaíochta i gclár na hArdteistiméireachta agus i gclár na hArdteistiméireachta Feidhmí araon.

Go sonrach, tá nasc láidir idir Grafaic agus an t-ábhar Ardteistiméireachta, Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide. Cuireann na torthaí foghlama atá le baint amach sa tsonraíocht Grafaice seo bonn láidir ar fáil don eolas a theastaíonn chun tabhairt faoi Ghrafaic Dhearaidh agus Chumarsáide.

Faoin gclár Ardteistiméireachta Feidhmí, níl disciplín cosúil le Grafaic na Sraithe Sóisearaí ar fáil mar ábhar as féin. Ach mar chuid den staidéar ar Staidéar Grafaice agus Tógála, tá an rogha ag an scoláire staidéar a dhéanamh ar chumarsáid ghrafach agus dearadh ríomhchuidithe a chuirfeadh dul chun cinn maith ar fáil ó thorthaí foghlama Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí.

Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuimseoidh na samplaí seo obair:

- Thar barr ar fad
- Os cionn na n-ionchas
- Ag teacht leis na hionchais

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna.

Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGrafaic sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. **Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin de, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa Ghrafaic go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.**

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Cuirtear Grafaic na sraithe sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta. Tabharfaidh na samplaí de shaothar scoláirí atá nasctha leis na torthaí foghlama idir thráchtanna agus léargais a thacaíonn le difreáil agus cleachtais chuimsitheacha an tseomra ranga.

Snáithe 1. Grafaic 2T

Forbhreathnú gairid ar an snáithe

Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthuisicint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.

Gnéithe	Torthaí Foghlama
	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:
Réasúnú Spásúil	1.1 ionramháil cruthanna 2T a amharcléiriú 1.2 faisnéis ghrafach a anailísiú chun réiteach 2T a phleanáil 1.3 réitigh 2T a dhíorthú le meáin chuí
Smaointeoireacht Dearaidh	1.4 léirthuisicint a bheith aige do ról na grafaice 2T i réitigh a chruthú 1.5 smaointe a léiriú le sceitsí saorláimhe chun a phríoiseas smaointeoireachta a chur in iúl go cruinn 1.6 a thuiscint ar phrionsabail gheoiméadracha a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach 1.7 léirithe grafacha sonraí/faisnéise a léirmhíniú agus a chruthú
Cumarsáid	1.8 dul chun cinn smaointe agus smaointeoireachta a chur in iúl i rith gníomhaíochta le meáin éagsúla 1.9 faisnéis 3T a léiriú le coinbhinsiúin 2T
Prionsabail agus Tógálacha Geoiméadracha	1.10 saintréithe cruthanna geoiméadracha a thuiscint 1.11 léirthuisicint a bheith aige do chur i bhfeidhm tógálacha geoiméadracha i réimsí eile staidéir 1.12 réitigh 2T a thógáil go cruinn de réir coinbhinsiúin ghrafacha.

Snáithe 2: Grafaic 3T

Forbhreathnú gairid ar an snáithe

Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic leis na coincheapa agus prionsabail bhunúsacha a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag earraí, córais samhaltaithe agus coinbhinsiúin ghrafacha 3T, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus úsáidfidh sé iad. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an snáithe seo chun inniúlacht an scoláire i samhlú agus léiriú amhairc a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, earraí a léiriú go cruinn i dtrí thoise agus na scileanna sin a chur i bhfeidhm i réiteach fadhbanna.

Gnéithe	Torthaí Foghlama
	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:
Réasúnú Spásúil	2.1 ionramháil earraí 3T a amharcléiriú 2.2 faisnéis ghrafach a anailísiú chun réiteach 3T a phleanáil 2.3 réitigh 3T a dhíorthú le meáin chuí
Smaointeoireacht Dearaidh	2.4 léirthuisicint a bheith aige do ról na grafaice 3T i réitigh a chruthú 2.5 smaointe a fhorbairt le sceitsí saorlámhe agus meáin eile chun an próiseas smaointeoireachta a chur in iúl go cruinn 2.6 a thuisicint ar phrionsabail 3T a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach 2.7 réitigh ar fhadhbanna a chuirtear i láthair agus/nó a shainmhínítear a thógáil
Cumarsáid	2.8 léiriú 3T ar dhéantán nó smaoineamh teibí a thógáil le meáin agus modhanna éagsúla 2.9 dul chun cinn smaointe/smaointeoireachta a chur in iúl i rith gníomhaíochta le meáin éagsúla
Prionsabail agus Tógálacha Geoiméadracha	2.10 saintréithe earraí agus dromchlaí geoiméadracha a thuisicint 2.11 léirthuisicint a bheith aige do chur i bhfeidhm prionsabal geoiméadrach i réimsí eile staidéir 2.12 smaointe dearaidh a ghiniúint agus a fhorbairt le prionsabail agus tógálacha geoiméadracha cuí 2.13 prionsabail gheoiméadracha a chur i bhfeidhm chun réitigh 3T cruinne a thógáil de réir coinbhinsiúin ghrafacha.

Snáithe 3: Grafaic Fheidhmeach

Forbhreathnú gairid ar an snáithe

Sa snáithe seo, tarraingeoidh an scoláire ar an eolas, ar na prionsabail agus ar na teicnící a forbraíodh trí na snáitheanna Grafaic 2T agus Grafaic 3T chun réitigh agus eolas a chruthú agus a chur in iúl go grafach. Ba chóir an scoláire a spreagadh lena thimpeallacht fhísiciúil a iniúchadh agus le prionsabail na Grafaice 2T agus na Grafaice 3T a chur i bhfeidhm chun réimse fadhbanna a réiteach. Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire na modhanna is cuí a roghnú chun a réitigh a chur in iúl agus na fadhbanna sin a réiteach, idir mheáin ghrafacha a roghnú agus an mheicníocht chun iad a úsáid.

Gnéithe	Torthaí Foghlama
	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:
Réasúnú Spásúil	3.1 saintréithe 2T agus 3T in earraí agus déantáin choitianta a aithint 3.2 léirthuisicint a bheith aige do shaintréithe ceilte earra nó déantáin a theastaíonn chun é a léiriú 3.3 a thuisicint spásúil a thaispeáint le samhaltú agus/nó ionsamhlú
Smaointeoireacht Dearaidh	3.4 fadhbanna ó chomhthéacs réadúil agus fadhbanna teibí a réiteach le teicnící grafacha 3.5 a shaothar féin agus saothar daoine eile a anailísiú agus a mheas
Cumarsáid	3.6 smaointe/réitigh dearaidh a fhorbairt trí shamhaltú agus fréamhshamhlacha le meáin éagsúla 3.7 grafaic ríomhchuidithe a úsáid chun réitigh dearaidh a chur in iúl go héifeachtach 3.8 a chur chuige i leith tasc dearaidh a léiriú go grafach 3.9 teicnící éagsúla léirithe agus cur i láthair a chur i bhfeidhm chun cur le cumarsáid faoi réitigh.
Prionsabail agus Tógálacha Geoiméadracha	3.10 prionsabail an phlána agus geoiméadracht thuairisciúil a iniúchadh agus a chur i bhfeidhm chun réitigh a chruthú 3.11 an chaoi ar spreag prionsabail agus tógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha feidhmeanna daonna a iniúchadh 3.12 léiriú cuí grafach ar réiteach ar fhadhb comhthéacsúil dá rogha féin a fhorbairt

Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thairfead agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, díritear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh nó na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i nGrafaic na sraithe sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith in rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheith ag múinteoirí tacú leis sin. Is féidir an méid sin a bhaint amach ach deiseanna a sholáthar don scoláire chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus aiseolas dírithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil mar thacaíocht dá fhoghlaim.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeán is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díronn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Beidh ról tábhachtach ag an measúnú deiridh go fóill ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nasfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar ábhar tacaíochta measúnaithe atá ar fáil ar líne. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), díritear ar ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga

- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoinemh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais.

Áireofar san ábhar tacaíochta ar líne an réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuireann ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolach, le muinín agus le cinnteacht.

Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Cuimseoidh an measúnú ar an nGrafaic le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí na gnéithe seo a leanas:

- dhá Mheasúnú Rangbhunaithe; Cumarsáid trí sceitseáil agus Scileanna cur i láthair grafacha
- tionscadal
- scrúdú deiridh.

Measúnuithe Rangbhunaithe:

Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid trí sceitseáil

Taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus don scoláire.

Measúnú Rangbhunaithe 2: Scileanna cur i láthair grafacha

Taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus don scoláire.

An Measúnú Deiridh

Tionscadal 30%

Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh é a leagan amach agus a mharcáil.

Cuirfear an tionscadal seo i gcrích laistigh de thréimhse ceithre seachtaine sa chéad téarma den tríú bliain.

An Scrúdú Deiridh 70%

Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an scrúdú dhá uair an chloig a leagan amach agus a mharcáil.

RÉASÚNAÍOCHT DO NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE I NGRAFAIC

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sna measúnuithe sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá i ngach rang. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

Thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, tabharfar deiseanna don scoláire chun a fhiosracht agus a spéis sa Ghrafaic a spreagadh. Tá nasc idir na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na príomhthosaíochtaí don fhoghlaim agus don teagasc i nGrafaic. Tá sé i gceist go nglacfaidh an scoláire páirt i dtaithí foghlama phraiticiúil agus bharántúil tríd na Measúnuithe Rangbhunaithe.

Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna seo a leanas don scoláire:

- taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ag baint úsáid as réimse modhanna
- anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhianaise chun breithiúnais luachála agus cinntí eolacha a dhéanamh
- faisnéis a eagrú agus pleanáil go loighciúil
- cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach
- comhoibriú le daoine eile ar thascanna
- machnamh a dhéanamh ar an méid a chuireann sé leis an obair agus ar a chuid foghlama féin.

Tríd na Measúnuithe Rangbhunaithe sin, forbróidh sé a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus ar an mbealach sin bainfidh sé amach na torthaí foghlama ar fud na snáitheanna.

NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE A MHEAS

Beidh sonraí níos mine faoi mheasúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fáil i dTreoirlínte Measúnaithe ar leith. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh phíosáí oibre an scoláire, na gnéithe cáilíochta le cur i bhfeidhm i dtaca leis an measúnú, agus tacaíocht maidir le breithiúnas 'ar an iomlán' a dhéanamh i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne ar fáil faoin rannóg measúnaithe ar www.ncca.ie. Féadfar an t-ábhar sin a úsáid agus tagairt a dhéanamh dó sa mheasúnú ranga a dhéantar ar an nGrafaic sa tsraith shóisearach. Lena chois sin tabharfar samplaí d'obair scoláirí agus treoir don phróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid trí sceitseáil

Tabharfaidh an Measúnú Rangbhunaithe seo deis don scoláire a chuid scileanna a fhorbairt le bheith inniúil ar chumarsáid trí sceitseáil. Iarrfar ar an scoláire a smaointe a chur in iúl go grafach le teicnící sceitseála 2T agus 3T mar fhreagra ar théama spreagthaigh roghnaithe.

Tríd an Measúnú Rangbhunaithe seo, forbróidh an scoláire a scileanna i modhanna agus meáin éifeachtacha sceitseála a úsáid chun a fhís, a dhearadh agus a réiteach a chur in iúl go cruinn. Is deis é an Measúnú Rangbhunaithe seo chun meon fiosrach a cothú sa scoláire, ach ligean dó turgnaimh a dhéanamh, dul sa seans, é a spreagadh le deiseanna nua agus dúshlánacha a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.

Is féidir leis an scoláire a chuid oibre a chur in iúl trí mheáin chuí ar bith.

Measúnú Rangbhunaithe 2: Scileanna cur i láthair grafacha

Díreoidh an Measúnú Rangbhunaithe seo ar chomh héifeachtach agus a chuireann an scoláire a thaighde i láthair go grafach. Beidh sé mar bhonn eolais do ghné mheasúnaithe an tionscadail (féach thíos). Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, déanfaidh an scoláire taighde agus iniúchadh ar an réimse ina bhfuil an tionscadal agus cuirfidh sé a chuid torthaí i láthair go grafach trí aon mheáin ghrafacha chuí. Cuireann sé sin ar a chumas na coincheapa dá thionscadal deiridh a fhorbairt i gcomhthéacs ón bhfíorshaol sula dtosaíonn sé ag obair ar an tionscadal. Is deis é an Measúnú Rangbhunaithe seo chun meon fíorasach a cothú sa scoláire, ach ligean dó turgnaimh a dhéanamh, é a spreagadh le deiseanna nua agus dúshlánacha a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.

Is féidir leis an scoláire a chuid oibre a chur in iúl trí mheáin chuí ar bith.

Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun píosaí oibre an scoláire a mheas. Cuirfear na gnéithe cáilíochta do na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fáil sna Treoirlínte Measúnaithe.

Tionscadal

Ach na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích, tugann an scoláire faoi thionscadal mar chuid dá mheasúnú deireadh. Déantar an tionscadal tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe sa tríú bliain. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanann an treoir don tionscadal a shonrú agus an tionscadal a mharcáil. Beidh trí thoradh le cur i gcrích ag an scoláire:

Toradh 1: Freagairt do théama a bhfuil obair Mheasúnú Rangbhunaithe 2 mar bhonn eolais faoi

Toradh 2: Líníochtaí ar a bhfuil toisí

Toradh 3: Samhaltú dearaidh ríomhchuidithe 3T

An scrúdú deiridh

- Tabharfaidh an scoláire faoi scrúdú dhá uair an chloig ag deireadh an tríú bliain agus is scrúdú ar leibhéal comónta a bheidh ann.
- Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an scrúdú a ullmhú agus a mharcáil.

Cleachtais mheasúnaithe chuimsitheach

Ceadaítear cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha sa tsonraíocht, bíodh sin mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, d'fhéadfaí socrú réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Ríachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Aguisín 1: Gluais de théarmaí Grafaice

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht do Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí a shoiléiriú, chun cabhrú leis an múinteoir agus leis an scoláire an chaoi a léirmhíneáil na téarmaí agus a n-úsáidtear iad a thuiscint.

Téarma	Léirmhíniú
Coinbhinsiúin 2T	ortagrafach céad uillinne, fiarlíniú, líniú isiméadrach, aismhéadrach
Léiriú 3T	Amharc a thaispeánann earra fisiciúil nó coincheap teibí i bhfoirm a léiríonn fad, doimhneacht agus airde.
Réiteach 3T	Réiteach ar fhadhb shonrach nó theibí a dhíorthaítear agus/nó a chuirtear i láthair le teicníc/í 3T.
Fadhb chomhthéacsúil	Fadhb a tharraingíonn ar thaithí, cás nó feidhm ón bhfíorshaol.
Tógálacha geoiméadracha	Líniú chruinn pointí, línte, ciorcal, uilleannacha, déroinnteoírí, rannata agus cruthanna eile le gnáthuirilís líniúchta.
Prionsabail gheoiméadracha	An bhun-nósmhaireacht a shainíonn agus a chuireann síos ar nádúr pointí, línte agus plánaí i dteannta na gcruthanna 2T agus 3T, solad, córais teilgin agus tógálacha a dhíorthaítear astu.
Coinbhinsiúin ghrafacha	Caighdeáin, coinbhinsiúin agus cleachtais reatha a bhaineann le líniú agus léiriú.
Geoiméadracht phlánach agus thuarisciúil	Léiriú, cur síos agus anailís ghrafach ar an ngaol idir pointí, línte agus plánaí i spás. Léiriú grafach earraí 3T in 2T.

Aguisín 2: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

Briathar	Cur síos
Aithin	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint
Amharcléirigh	rud atá teibí nó rud nach bhfeiceann an tsúil a chruthú san intinn nó sa tsamhlaíocht
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Athbhreithnigh	ag féachaint ar ábhar nó ag dul siar ar ábhar d'fhonn é a cheartú, a fheabhsú nó a leasú
Bain triail	nós imeachta a dhéantar chun teacht ar rud éigin, chun hipitéis a thástáil, nó chun fíric atá ar eolas a thaispeáint
Bain triail (ealaíonta)	aghaidh a thabhairt ar chruthú go spráúil nó go córasach, ach le toradh nach fios i gcónaí
Cosain	cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid
Cruthaigh	an topaic atá le déanamh a phróiseáil agus foirm a thabhairt di ach úsáid a bhaint as modhanna agus ábhar roghnaithe agus/nó foirm nua a thabhairt don ábhar a úsáidtear
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú
Cuir i gcodarsnacht	comhfhreagrachtaí idir dhá smaoineamh a bhrath
Cuir i gcrích	smaoineamh, táirge nó dréacht a chur i bhfeidhm, a fhorghníomhú nó a chur i ngníomh
Cuir i láthair	rudaí a dhéanamh inbhraite do dhaoine eile
Cuir in iúl	comharthaí amhairc-ghothacha, comharthaí béil nó comharthaí eile a úsáid chun brí a roinnt nó chun faisnéis a mhalartú Idirghníomhú idir an seoltóir agus an faighteoir; oibríonn an bheirt le chéile le go mbainfear tuiscint amach
Cuir in ord	cur síos a dhéanamh ar nithe/córais bunaithe ar chastacht agus/nó ord

Briathar	Cur síos
Cuir le chéile	eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh
Cuir síos	pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd
Déan critic ar	anailís agus measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar rud éigin
Déan innealtóireacht	earra a fhorbairt/a thógáil do chuspóir ar leith, lena n-áirítear comhpháirteanna atá criticiúil don fheidhmiú
Déan taighde	staidéar ar ábhair agus ar fhoinsí chun fíricí a shuí agus chun teacht ar chonclúidí nua; teoiricí nó dlíthe a bhfuil glacadh leo a athbhreithniú i bhfianaise fíricí nua
Deimhnigh	fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis
Díorthaigh	ceapadh nó ullmhú ó choincheapa
Dréachtaigh	smaoineamh nó coincheap a fhorbairt le haghaidh obair phleanáilte
Faigh amach	an t-aon fhreagra féideartha a fháil trí ríomh, trí luachanna tomhaiste nó atá ar eolas a chur in ionad cainníochtaí eile i bhfoirmle chaighdeánach
Faigh taithí ar	rud a aireachtáil ar bhonn cúinsí aeistéitiúla agus caidreamh pearsanta díreach a bhunú
Fiosraigh	smaoineamh nó labhairt faoi rud éigin chun tuilleadh eolais a fháil ina leith
Forbair	píosa oibre nó smaoineamh a fhorbairt ón staid tosaigh go dtí staid níos faide ar aghaidh
Freagair	freagairt do spreagthach a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar léirmheastóireacht, mothúchán, aeistéitice nó comhthéacs, nó meascán díobh siúd
Gin	Rud a tháirgeadh nó a chruthú
Idirdhealaigh	na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir
Iniúch	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra
Léirigh	samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin
Léirigh (go grafach)	líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin
Léirigh (cuir in iúl)	rud a thabhairt chun cuimhne go soiléir agus go cinnte trí úsáid a bhaint as cur síos nó samhlaíocht
Léirmhínigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochothaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

Briathar	Cur síos
Léirmhínigh (aeistéitiúil)	brí a shannadh do rudaí ar bhonn breathnuithe agus eolas comhthéacsúil; éifeacht íomhá a chur i bhfocail trí réasúnú agus míniú ar bhonn machnaimh agus tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil an íomhá mar atá sí agus nach bhfuil sí difriúil
Léirthuisct a bheith ag... do...	brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud
Liostaigh	tabhair roinnt pointí, gan aon mhíniú breise
Meas	ráiteas nó ríomh cainníochta ar ord méadaíochta réasúnaithe a thabhairt
Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)	fiainise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fiainise le breithiúnas; srianta fiainise i gconclúidí a shainnaint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Measúnaigh (SONRAÍ)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fiainise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainnaint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Mínigh	mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna
Réitigh	freagra a aimsiú trí réasúnaíocht
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach
Sainmhínigh	míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar fhrása, ar choincheap nó ar chainníocht fhisiceach
Sceitseáil	cur in iúl trí léaráid nó trí ghráf (arna lipéadú mar is cuí); ba chóir go dtabharfadh an sceitse barúil den chruth nó den chaidreamh a theastaíonn, agus ba chóir go mbeadh na gnéithe ábhartha ann
Scrúdaigh	argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus idirghaolmhaireacht na saincheiste
Tabhair fiainise	faisnéis a thabhairt ina gcuirtear in iúl go bhfuil rud éigin fíor nó bailí nó fíricí a shuí in iniúchadh
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fiainise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil
Tástáil	caighdeán, feidhmíocht nó iontaofacht táirge a bhunú
Téigh i ngleic le	dul i mbun gníomhaíochta nó ábhar spéise nó a bheith gafa leo; spéis agus aird a mhealladh nó a choimeád
Tiontaigh	athrú go foirm eile
Tomhais	athruithe i gcórais a chainníochtú (a mheas) trí uirlis tomhais a léamh
Trácht	tuairim a thabhairt bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa
Tuig	corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm
Úsáid	eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh. Rud éigin a chur i bhfeidhm ar bhealach dírithe

